

**Leibhéal B2****Topaic 12: Cúrsaí sóisialta & dlí****Bileog 12.1a agus Bileog 12.1b**

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 12.1a** ar gach duine sa rang.
- *Fadhbanna sóisialta – Stór focal:* Iarr ar gach beirt ransú intinne a dhéanamh ar an stór focal a bhaineann leis na topaicí sna boscaí:

***Freagraí:***

<p style="text-align: center;"><b>Foréigean sa tsochaí</b></p> <p>An bhochtaineacht Foréigean Géarchéim tithíochta Dífhostaíocht Dúnorgain Scaoil Gunna /gunnaí Buama Sceimhlitheoir Coir / coireanna coirpeach / coirpigh Gadaíocht Gadaí / gadaithe Briseadh isteach i... Robálaí / robálaithe Dúnmharú Dúnmharfóir(í) An té a maraíodh ... Fuadach Fuadaigh Fuadaitheoir /fuadaitheoirí An té a fuadaíodh... Éigniú Éignigh</p>	<p style="text-align: center;"><b>Fadhbanna drugaí &amp; alcóil</b></p> <p>Fadhb na ndrugaí Fadhb an alcólachais Drugaí Drugaí a ghlacadh / a thógáil / a dhíol Andúileach drugaí / andúiligh dhrugaí Alcól / deochanna meisciúla</p>	<p style="text-align: center;"><b>Na príosúin Éireannacha</b></p> <p>Garda / na Gardaí Stáisiún na nGardaí Duine a ghabháil Cuir i leith... Cás cúirte Dlíodóir / dlíodóirí Abhcóide / abhcóidí Lig saor Lig amach ar bannaí Fíneáil a ghearradh Téarma príosúnachta Gearradh trí mhí príosúnachta ar... An príosún Príosúnach</p>
--	---	--

- Nuair atá foclóir curtha le chéile acu abair leo deich bpointe a scríobh faoi na topaicí le chéile. Mínigh dóibh go gcaithfidh siad teacht ar comhréiteach mura bhfuil na pointí céanna acu.
- *Fadhbanna sóisialta – Stór focal & plé:* Cuir gach beirt ag obair arís ar na focail. Caithfidh siad na focail a bhriseadh suas agus a míniú a phlé.

**Freagraí:**

Ginmhilleadh:	gin = to conceive,	mill = to destroy
Ilchultúrachas:	il = multi,	cultúr = culture
Idirdhealú:	idir = between,	dealú = break / secession
Ábharachas:	ábhar = material	
Iompar frithshóisialta:	frith- = anti,	sóisialta = social

- Iarr orthu ceisteanna 1-3 a phlé le chéile. Éist leis na tuairimí atá ag na foghlaimeoirí.
- *Fadhbanna sóisialta – Plé:* Cuir gach triúr nó ceathrar le chéile agus abair leo an pointe a phlé le chéile. Bí thusa ag siúl thart ag cuidiú leo más gá. Breac síos aon deacracht ghramádaí a chloiseann tú agus pléigh ar chuala tú leis an rang ar fad.
- Cuir gach beirt le chéile arís agus scaip **Bileog 12.1b** ar an rang. Mínigh dóibh gur cleachtadh é seo ar cheisteanna a chur agus a fhreagairt. Abair leo go gcaithfidh na ceisteanna tosú le ‘c’. Abair leo chomh maith go mbeidh siad ag dul siar ar an choibhneas díreach agus indíreach le linn na gníomhaíochta seo. Sula dtosaíonn siad ag cur na gceisteanna iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar an stór focal a bhaineann leis na focail sna boscaí. Cuideoidh seo leo ceisteanna a chur agus a fhreagairt. Bíodh na focail thíos i measc na bhfocal a bhíonn ag na foghlaimeoirí:

*An trácht**Brú tráchta**An teorainn luais / na teorainneacha luais**Pointí pionóis**Crios sábhála**Tiománaí / tiománaithe**Coisí / coisithe**Rothaí / rothaithe**Comharthaí bóthair**Sábháilteacht ar na bóithre**Feachtas poiblíochta**An dlí**Cás cúirte**Dlíodóir / dlíodóirí**Abhcóide / abhcóidí**Breitheamh / breithiúna**Breithiúnas a thabhairt**Fianaise a thabhairt**Giúiré**Ciontach*

*Neamhchiontach*  
*Finné / finnéithe*  
*Féatas*  
*Ceist mhoráltachta*  
*Cúrsaí timpeallachta*  
*Bruscar*  
*Athchúrsáil*  
*Truailliú*  
*Aibhneacha truailithe*  
*Dumpáil mhídhleathach*  
*Buiséad*  
*Cúlú eacnamaíochta*  
*Boilsciú*  
*Ciníochas*  
*Duine ciníoch*  
*Inimirce*  
*Inimirceach / inimircigh*

- Nuair atá plé déanta agat ar an stór focal a bhaineann leis na topaicí ar fad abair le duine amháin den bheirt topaic a roghnú agus ceist a chur ar an duine eile faoin topaic sin. Tógaidís sealanna ag cur is ag freagairt ceisteanna. Caithfidh an té atá ag freagairt iarracht a dhéanamh freagra ionraic a thabhairt ar an cheist. Mar shampla:
  - Cathain a d'éirigh tú as na toitíní?
  - Níor éirigh mé astu riamh, caithim go fóill.
- Bí ag siúl thart le linn na gníomhaíochta agus breac síos aon bhotún a chloiseann tú. Pléigh na deacrachtaí a bhí ag na foghlaimeoirí nuair atá píosa maith cainte déanta acu agus na topaicí ar fad pléite acu.

### **Bileog 12.2a, Bileog 12.2b, Bileog 12.2c agus Bileog 12.2d**

- Roinn an rang i gceithre ghrúpa – A/B/C/D. Scaip **Bileog 12.2a** ar ghrúpa A, **Bileog 12.2b** ar ghrúpa B, **Bileog 12.2c** ar ghrúpa C agus **Bileog 12.2d** ar ghrúpa D.
- Míneigh an *scenario* dóibh – go mbeidh daoine A / B / C mar aíonna ar chlár raidió agus go mbeidh duine D mar láithreoir ar an chlár. Míneigh chomh maith go bhfuil na pointí a bheidh le plé ar an chlár ar a gcuid bileoga, mar aon leis an dearcadh a chaithfidh siad a bheith acu.
- Léigh na treoracha atá ar fáil ag barr an leathanaigh. Míneigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh ullmhúcháin don chlár ar dtús trí bheith ag plé na bpointí leis na daoine a bhfuil na tuairimí céanna acu. Is é sin le rá go bhfuil gach duine A ag cur pointí le chéile a léireoidh an dearcadh atá acu féin – is é sin aontú leis na tuairimí. Beidh gach duine B ag cur pointí le chéile a léireoidh go bhfuil siad idir

- dhá chomhairle faoi na pointí. Beidh gach duine C ag cur pointí le chéile a léireoidh go n-esaontaíonn siad leis na pointí agus beidh gach duine D ag ullmhú ceisteanna le cur ar na haíonna leis na tuairimí ar fad a mhealladh agus a stiúradh.
- Léigh na ráitis leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
  - Tabhair tamall fada go leor do na grúpaí éagsúla pointí maithe fiúntacha a bhreacadh síos.
  - Ansin cuir duine amháin ó ghrúpa A, B, C agus D le chéile. Beidh grúpaí de cheathrar agat sa rang anois. Abair le duine D ó gach grúpa tús a chur leis an chlár raidió. Scríobh an introir seo ar an chlár dubh:

*Dia daoibh chuig clár an lae inniu. Anseo sa stiúideo agam tá \_\_\_\_\_. Anois a Sheáin, an measann tú gur coir é an striapachas?*

- Tabhair go leor ama do na foghlaimeoirí na ráitis ar fad ar an bhileog a phlé. Bí ag siúl timpeall tú féin chun cuidiú leo más gá.
- Iarr ar ghrúpa amháin cuid de na pointí a phlé os comhair an ranga. Pléigh aon deacracht a bhí ag na foghlaimeoirí ag deireadh na gníomhaíochta.

### Bileog 12.3

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna arís agus scaip **Bileog 12.3** ar gach duine sa rang.
- *Cúrsaí dlí – Léamh:* Iarr ar gach beirt an t-alt a léamh le chéile agus mínigh dóibh go bhfuil an ghluais ann le cuidiú leo. Iarr orthu an leagan Gaeilge de na focail Bhéarla a aimsiú le linn dóibh a bheith ag léamh. Nuair a bheidh siad críochnaithe téigh siar ar an aon deacracht foclóra a bhí acu.

#### *Freagraí:*

**Representative - ionadaíoch**  
**Legislation – reachtaíocht**  
**constitutional right – ceart bunreachtúil**  
**judgment - breithiúnas**  
**criminal record – taifead coiriúil**  
**disqualified – dícháilithe**  
**ineligible – neamhinroghnaithe**

- Iarr orthu an t-alt a léamh arís agus na pointí gramadaí a bhfuil cló dubh orthu sa téacs a phlé ina mbeirteanna.

#### *Freagraí:*

**Dá ionadaíche** – céimeanna comparáide na haidiachta.

**Go ndearnadh** – an briathar saor, aimsir chaite sa choibhneasta indéreach de bharr go dtagann an briathar tar éis ‘go’.

**Chun olcais** – leanann an tuiséal ginideach focail áirithe ar nós ‘chun’.

**A hainm** – an aidiacht shealbhach, an dara pearsa baininsneach.

**Os comhair na gcúirteanna** – an tuiséal ginideach, uimhir iolra tar éis an réamhfhocail chomhshuite ‘os comhair’.

**Beirt bhan** – cuirtear an t-ainmfhocal san uimhir iolra tar éis na n-uimhreacha pearsanta agus cuirtear séimhiú air tar éis ‘beirt’. Eisceacht é an focal ‘bean’ áfach, cuirtear é sa tuiséal ginideach uimhir iolra go fóill.

**Breithiúna céimiúla na Cúirte Uachtaraí** – tá ‘breitheamh céimiúil’ san uimhir iolra agus tá ‘an Chúirt Uachtarach’ sa tuiséal ginideach uimhir uatha.

**An dá ghné theorantachta** - cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann ‘dá’ agus ar an aidiacht a leanann an t-ainmfhocal baininsneach ‘gné’.

**Á fáil** – tá an ‘á’ anseo ag tagairt siar go dtí an focal ‘toghairm’, focal baininsneach agus mar sin ní shéimhítear an focal ‘fáil’.

**Idir shaibhir agus dhaibhir** – nuair a chiallaíonn ‘idir’ *both* leanann séimhiú é.

**In ainneoin an bhua thábhachtaigh** – tagann an tuiséal ginideach tar éis an réamhfhocail chomhshuite ‘in ainneoin’, is ainmfhocal firinsneach é *bua* agus mar sin leanann an aidiacht *tábhachtach* rialacha an ainmfhocail fhirinsneigh.

**Scaoileadh** – an briathar saor san aimsir chaite.

**I muinín bhunachar na nUimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí** – nuair a thagann grúpa ainmfhocal le chéile mar seo agus iad le cur sa tuiséal ginideach, cuirtear séimhiú ar an chéad áit gur cheart an tuiséal ginideach a bheith - séimhiú ar ‘bunachar’ sa chás seo.

- *Cúrsaí dlí – Plé:* Cuir triúr le chéile anois leis na ceisteanna faoin alt a phlé. Tuairimíocht atá ann. Bí thart le cuidiú le haon deacracht atá acu.
- *Cúrsaí dlí – Teanga:* Abair le gach beirt na nathanna cainte a chur in abairtí lena mbrí a léiriú:

Seas ar do bhoinn féin  
Tá mé ar mo bhoinn arís  
Bhain sé as na boinn é  
Láithreach bonn  
Bonn ar bhonn  
Gan phingin, gan bhonn

*Be independent*  
*I'm back to good health again*  
*He made off (on foot)!*  
*Right now*  
*Side by side*  
*Without money*

Nearc agus inmhe shaolta  
Dul in inmhe  
Teacht in inmhe  
In inmhe oidhreachta

*Power and worldly wealth*  
*Prospering*  
*Maturing*  
*Qualified to inherit*